



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

---

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

---

DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

---

**SÉ CHEIST LE FREAGAIRT**

---

## SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

1. Freagair **sé cinn** ar bith díobh seo a leanas:

- (a) Aithnítear plandaí áirithe mar speicis tháscacha. Mínigh an téarma *speicis tháscacha*. Mol **dhá** speiceas tháscacha **agus** na dálaí ina bhfaightear **gach ceann** díobh.
- (b) Tarraing léaráid lipéadaithe d'fhadghearradh trí fhiacail mamaigh.
- (c) Mínigh an t-éileamh méadaitheach ar shadhlas arbhair Indiaigh mar bhia do bha déiríochta.
- (d)
  - (i) Céard is ciall le pH substainte?
  - (ii) Luaigh na luachanna pH a mbeadh súil agat leo iontu seo
    - 1. Bainne géar
    - 2. An t-ábhar sa chogansach
    - 3. An t-ábhar san abomasam.
- (e) Luaigh an cuspóir le **gach ceann** de na fearais seo a leanas a mbaintear úsáid astu sa talmhaíocht:
  - (i) tarathar ithreach
  - (ii) athraonmhéadar
  - (iii) burdizzo.
- (f) Ainmnigh an fhine lena mbaineann gach ceann de na plandaí seo a leanas:
  - (i) seamair
  - (ii) buachalán buí
  - (iii) cáil.
- (g) I gcás na muice, luaigh
  - (i) fad na tréimhse iompair
  - (ii) fad an timthrialla éastrais.
- (h) Mínigh conas a fhaigheann síol fuinneamh le linn an phéactha.
- (i) Mol **dhá** chúis a mbainfeadh feirmeoir úsáid as sulfáit amóinia seachas úsáid a bhaint as cineálacha eile de leasacháin nítrigineacha saorga.
- (j) Déan cur síos achomair ar chomhartha ionsaithe ar phlanda bairr ag **gach ceann** de na hinveirteabraigh seo a leanas:
  - 1. Aifidí
  - 2. Ciaróga dreancaidiúla
  - 3. Cótaí leathair.

(60 marc)

2.
  - (a) Liostaigh **ceithre** thoisic atá ina gcúis le forbairt struchtúr na hithreach.
  - (b) Déan cur síos achomair ar fhoirmiú na bportach móna in Éirinn.
  - (c) Déan cur síos ar thurgnamh le céatadán an ábhair orgánaigh i sampla ithreach a mheas.

(48 marc)

### Rogha a hAon

3. (a) Taispeántar sna taifid bhreithe ar fheirm dhéiríochta gur laonna folaíochta Freaslannacha iad 30% de na laonna a rugadh bliain amháin, gur Freaslannacha X Mór-Roinne 55% díobh agus gur Aberdeen Angus X Freaslannacha 15% díobh. Bíonn an feirmeoir ag brath ar I.S. (A.I.) agus níl aon tarbh stoic aige. Tógann sé a athsholáthar tréada féin.
- (i) Cén fáth ar úsáideadh an pór Freaslannach **agus** cé na ba lenar úsáideadh é?
  - (ii) Cén fáth a n-úsáidtear tairbh Mhór-Roinne le haghaidh an chuid is mó de na hinseamhnuithe?
  - (iii) Cén fáth a n-úsáidtear tairbh Aberdeen Angus?
  - (iv) Céard é ráta athsholáthair na mbó diúltaithe?
- (b) Déan cur síos ar na próisis fhiseolaíochta atá i gceist le sreabhadh bainne in ainmhithe feirme.
- (c) Mol **ceithre** chúis nach nglacfaidh déirithe bainne ó bha ar cuireadh cóir leighis orthu le gairid in aghaidh an mhaistítis.

(48 marc)

### NÓ

### Rogha a Dó

3. (a) Tá páirt thábhachtach ag an gcalciam san fhás a dhéanann plandaí.
- (i) Tabhair breac-chuntas ar fhoinse **amháin** calciam do phlandaí.
  - (ii) Déan cur síos ar **dhá** phróiseas trína gcuirtear calciam ar fáil do phlandaí.
- (b) Is galar seadánach an cársán agus is galar easpa an teiteanas féir. Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. I gcás ceann **amháin** ar bith de na galair, luaigh an chúis atá leis, comhartha amháin atá air agus modh srianta nó cóireála amháin.
- (c) Tabhair **trí** chúis le ráta íseal i mbunú síológ i bplanda bairr a chuirtear san earrach.

(48 marc)

4. Déan cur síos ar mhodh saotharlainne **nó** ar mhodh páirce chun **dhá** cheann ar bith díobh seo a dhéanamh amach:

- (a) Uigeacht sampla ithreach atá fliuch.
- (b) Líon na gcuiteog i bhféarach.
- (c) Ráta trasghalaithe planda.
- (d) Díleáiteacht eorna rollta i gcomparáid le láneorna agus ba á mbeathú orthu.

(48 marc)

5. (a) Déan plé ar ról na nithe seo a leanas i dtáirgeadh caorach:  
(i) úim bhreasail  
(ii) bunlobhadh.
- (b) (i) Mol **ceithre** chúis a mbeadh sé riachtanach ag feirmeoirí déiríochta a mbanracha a athshíolú go féiltiúil.  
(ii) Mol meascán síolta a bheadh oiriúnach chun banrach a athshíolú.
- (c) Mínigh tábhacht an chóimheasa duilli le gas maidir le cáilíocht sadhlais.

(48 marc)

6. (a) Liostaigh **ceithre** chomhpháirt i gclár srianta dúchana le haghaidh prátaí príomhbhairr.
- (b) Tabhair **ceithre** chúis a síleann feirmeoirí curaíochta gur fiaile thrioblóideach é an broimfhéar (*Agropyron repens*).
- (c) Mínigh na téarmaí seo a leanas:  
(i) *cruachiseal*  
(ii) *fosúchán nítrigine*.
- (d) Déan cur síos ar conas a ríomhfá an meáchan 1000 gráinne de ghránach.

(48 marc)

7. (a) Mínigh **trí cinn** de na téarmaí seo a leanas:  
(i) *riocht an tseascacháin*  
(ii) *déghnéasach*  
(iii) *roghnú saorga*  
(iv) *ainmhí ginealaigh*.
- (b) I muca guine tá an ailléil don chóta dubh (**D**) ceannasach ar an ailléil don chóta donn (**d**). Saolaíodh ál ocht mbanbh do mhuc guine agus collach; bhí ceithre cinn den ál dubh agus ceithre cinn díobh donn.  
(i) Tabhair feinitíopaí agus géinitíopaí na dtuismitheoirí.  
(ii) Agus cearnóg Punnett á húsáid agat, taispeáin an chrosáil sin agus cuir lipéid ar na géinitíopaí agus na feinitíopaí go léir.  
(iii) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál sin crosála?
- (c) (i) Mínigh conas a tharlaíonn polaplóideacht i bplandaí.  
(ii) Ainmnigh **agus** tabhair sampla de chineál **amháin** polaplóideachta.
- (d) Mínigh an tábhacht a bhaineann le *hinnéacs na breithe anróití* i gcatalóga na dtarbh I.S. (A.I.).

(48 marc)

8. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c).

- (a) I gcomhthéacs táirgeadh uan ramhar, déan plé ar an ráiteas “déanann an chaora cúram den chainníocht agus déanann an reithe cúram den cháilíocht”.
- (b) Déan cur síos achomair ar na difríochtaí idir an fhótaisintéis agus an riospráid i bplandaí.
- (c) Déan cur síos achomair ar na príomhdhifríochtaí atá idir na baill i **dtrí** cinn ar bith de na péirí téarmaí seo a leanas:
  - (i) *teach breithe banbh* agus *teach ramhraithe* i dtáirgeadh muc
  - (ii) *iníor nialasach* agus *iníor thar fál*
  - (iii) *táirgeadh tarbhífeola* agus *táirgeadh feoil bodóige*
  - (iv) *eicteaparasítí* agus *ionpharasítí*.

(48 marc)

9. Tabhair míniú eolaíochta ar **cheithre** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- (a) An cleachtas i seamlais na hainmhithe a chur ag troscadh sula maraítear iad **agus** an conablach a chrochadh ar feadh roinnt laethanta sula ndíoltar é.
- (b) An méadú sa slad ar éisc in aibhneacha agus i lochanna sa samhradh.
- (c) Neamhoiriúnacht phór Holstein le haghaidh diúil aon lao.
- (d) Min phónaire shoighe a chur le gránach i gcuid bia na muc.
- (e) Crainn bhuaircíneacha agus crainn leathanduilleacha a chur le cheile i gcriosanna foscaidh.

(48 marc)

# LEATHANACH BÁN

# LEATHANACH BÁN

# LEATHANACH BÁN